# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**25 Eanáir 2024** || Eagrán 181

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



## Dáta don Dialann:
## An tseachtain seo chugainn!



# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE: OIREAD NA FRÍDE

Beidh an chéad ocáid eile ag Club Leabhar Chois Fharraige ar an gCéadaoin, 14 Feabhra, Lá Vailintín! Seolfaidh Gormfhlaith Ní Thuairisg úrscéal nua le Jackie Mac Donncha, ó Chill Chiaráin, ar an oíche. 'Oiread na Fríde' is ainm don úrscéal. Tá sé le ceannach ó Chló Iar-Chonnacht sa Spidéal. Cuirfear tús le cúrsaí @ 8i.n. ar an gCéadaoin, Tigh Mholly. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gclub, ag clubleabharcf@gmail.com




CLÓ IAR-CHONNACHT



# BALLRAÍOCHT AG CLG MICHEÁL BREATHNACH


Tá CLG Micheál Breathnach ag glacadh le baill nua faoi láthair. Cuirtear fáilte roimh imreoirí óga agus daoine fásta, agus glacfar le baill thar lear fiú. Más gasúr atá á chlárú caithfí sonraí do thuismitheoir/caomhnóir amháin, ar a laghad, a chlárú chomh maith. Iarrtar go mbeadh baill nua cláraithe roimh 31 Márta i mbliana. Is féidir eolas maidir le praghasanna agus coinníollacha an chumainn a fháil ar a gcuntas Facebook.


# RANGANNA ACLAÍOCHTA

Tá téarma nua de ranganna aclaíochta tosaithe ag Christine Cox, sa Spidéal agus ar an Tulach. Is féidir tabhairt faoi dhianchampa, nó ‘bootcamp’ ar an Luan @ 7i.n. i Halla na Tulaigh, sula dtosaíonn rang pilates @ 8i.n. san ionad céanna.
I Halla Scoile Éinne, sa Spidéal, cuireann Christine rang ciorcad ar siúl @ 7i.n. roimh rang pilates @ 8i.n. ar an Déardaoin. Maireann na cúrsaí ocht seachtaine. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277

# FEACHTAS NUA - IS FIÚ GO MÓR É!

Tá feachtas nua, darbh ainm ‘Is Fiú Go Mór É!’ fógartha ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Ag croílár an fheachtais, tá sraith taifeadtaí, faoi thógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht, foilsithe ar chainéal ‘YouTube’ na heagraíochta. Na teaghlaigh féin a bheidh i lár an aonaigh agus na suáilcí a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht á bplé acu. Ghlac Aifric Ní Ghibne agus a máthair Deborah, Indreabhán, páirt sa bhfeachtas. Míníonn Aifric ina físeán chomh buíoch is atá sí dá cuid tuismitheoirí go ndearna siad an cinneadh í a thógáil le Gaeilge. Ghlac aon teaghlach déag (11) páirt sa taifead ó Dhún na nGall, Gaillimh agus Ciarraí. Beidh fógraí teilifíse agus raidió á gcraoladh mar chuid den fheachtas, fógraí á bhfoilsiú i nuachtáin agus ar líne chomh maith le físeáin agus ábhar eile á roinnt ar na meáin shóisialta. Is féidir teacht ar na físeáin ar chuntas Thuismitheoirí na Gaeltachta, ar ‘YouTube’.



# DÍOSPÓIREACHT UÍ CHADHAIN - BUA AG COLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Comhghairdeachas ó chroí le foireann shinsearach díospóireachta Choláiste Chroí Mhuire a thug Corn Uí Chadhain leo ag Craobh Díospóireachta na hÉireann de chuid Gael Linn le gairid. Thug Róise Ní Churraoin as an bPáirc, Éabha Ní Chonghaile as Baile Liam agus Fionnán Ó Coisdealbha as Baile na mBrabhach an-phíosaí cainte uathu agus iad ag argóint in aghaidh an rúin “Faigheann an Ghaeilge cothrom na féinne ó reachtaíocht na tíre seo”. Is iad Gaelcholáiste na Mara, An tInbhear Mór agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua a bhí ar son an rúin agus bhí Coláiste Oiriall, Muineachán i gcoinne an rúin chomh maith le CCM. Is í Tríona Ní Mhurchú, Príomhoide na scoile a bhí ag tacú leis an bhfoireann agus iad ag réiteach don lá mór. Bhí foireann sóisearach na scoile, Lorcán Ó Curraoin, Glaisne Mac Réamoinn agus Evan Cox sa gcraobh ina rannóg féin ach ní raibh an lá leosan faraor. Tá traidisiún fada, bródúil le breis is trí scór bliain ag CCM i ndíospóireachtaí Ghael Linn agus d’éirigh leo an chraobh a bhaint amach trí bhabhta le cúig bhliana anuas: éacht eile! Thaisteal slua mór tacaíochta ón scoil go hÓstán na Cúirte ar an Tulach Mhór agus iad thar a bheith bródúil as a gcuid comhscoláirí. Treise leo!





# RANGANNA CEOIL DO GHASÚIR

**Tá ranganna feadóg do ghasúir á reáchtáil ag Méadhbh Ní Eidhin. Ar an Luan ó 5:30-6 a bheas na ranganna ar siúl, sa Spidéal. Le níos mó eolais a fháil, nó le clárú do na ranganna, is féidir teagmháil a dhéanamh le Méadhbh ag 087 795 3817.**

# ‘TONNTA’

**Beidh an fhéile ‘Tonnta’ á reáchtáil ag Gaillimh le Gaeilge, don chéad uair i mbliana ó 1-4 Feabhra. Beidh Liam Ó Maonlaí ag seinm le linn na féile agus beidh taifeadadh beo den phodchraoladh ‘Beo ar Éigean’ le cloisteáil chomh maith le roinnt imeachtaí don chlann freisin. Is féidir ticéid a fháil, chomh maith le sracfhéachaint a fháil ar an gclár iomlán ag an nasc seo: www.tonnta.eu/tonnta-tic%C3%A9id**

# SRAITH SEIMINEÁR: GAIRMEACHA LE GAEILGE

**Tá sraith seimineár á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge, dírithe ar ghairmeacha le Gaeilge. Is ar líne a bhéas na seimineáir, áit a thiocfaidh cainteoirí éagsúla le chéile lena dtaithí féin a roinnt agus a phlé. Tá na seimineáir dírithe ar mhic léinn ollscoile agus daltaí meánscoile nó daoine ar mian leo deiseanna oibre le Gaeilge a bhaint amach nó a fhiosrú fiú. Beidh meascán de ghairmeacha éagsúla á phlé ar an gCéadaoin 31 Eanáir @ 7i.n. Is féidir clárú don ócáid ach an cód QR seo a úsáid.**

# DEISEANNA MAOINITHE Ó CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag glacadh le hiarratais ar mhaoiniú ó Ghrúpaí Pobail agus Deonacha “neamhbhrabúis” i dtreo ghníomhaíochtaí agus imeachtaí a bheidh chun leasa phobail áitiúla, ar fud an chontae, faoi scéimeanna tacaíochta éagsúla. Tacaíonn an Scéim Tacaíochta d’Fhorbairt Eacnamaíochta le turasóireacht phobalbhunaithe - féilte agus imeachtaí rannpháirtíochta, agus tionscnaimh forbartha eacnamaíochta. Chomh maith le sin, tugann Scéim Tacaíochta d’Fhorbairt Pobail tacaíocht le foirgnimh faoi úinéireacht an phobail, áiseanna faoi úinéireacht an phobail agus spásanna poiblí agus baineann an Scéim Tacaíochta d’Fhorbairt Chultúir le deontais faoin Acht Ealaíon, Deontais Oidhreachta, and Gníomhaíocht chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Féadfaidh iarratasóirí uasmhéid d’iarratas amháin in aghaidh gach Scéime Tacaíochta a chur isteach. Is féidir tuilleadh eolais faoi na scéimeanna seo a fháil ar an suíomh idirlín: www.galway.ie/ga

# CÚRSA AIREACHAIS I mBEARNA

Cuirfear tús le Cúrsa Aireachais, i mbunscoil Bhearna ar an Déardaoin, ó 7-8i.n. go luath. Le linn na seisiúin, díreofar ar an gcolainn, ar an análú agus na mothúcháin. Beidh na seisiúin feiliúnach dóibh siúd a bhíonn ag cleachtadh aireachais go rialta, ach ní gá go mbeadh taithí ag rannpháirtithe. Tá lascaine ar fáil má chláraíonn tú i nGaeilge. Ní mór duit scéal a chur ag Katie (katie@solasrelaxation.com) le do spás a chur in áirithe. Tá na sonraí ar fáil ar an suíomh idirlín www.solasrelaxation.com.



# SÍLE DENVIR AINMNITHE DO GHRADAIM RTÉ RAIDIÓ 1

Tá dhá ainmniúchán faighte ag Síle Denvir, ó Na hAille, Indreabhán, do na gradaim ceoil tíre ‘Folk Awards RTÉ Raidió I’. Ainmníodh Síle sa gcatagóir 'Best Traditional Folk Track' dá leagan den amhrán 'Eleanóir a' Rún'. Tá Síle ainmnithe chomh maith don ghradam 'Best Folk Singer', gradam a bronnadh ar Mhuireann Nic Amhlaoibh anuraidh. Tá dhá ainmniúchán faighte chomh maith ag an ngrúpa 'Bláth na hÓige,' an grúpa a tháinig le chéile anuraidh sa Spidéal agus a chuir albam le chéile faoi mheantóireacht Síle Denvir agus Colm Mac an Iomaire. Tá 'Bláth na hÓige' ainmnithe don 'Best Folk Group' agus don 'Best Folk Album'. Fógrófar na buaiteoirí agus bronnfar na gradaim ag ócáid i Vicar St., Baile Átha Cliath, ar an 27 Feabhra, ócáid a chraolfar beo ar Raidió a hAon.

# CLUB SCANNÁN SAILEARNA

Tá athrú tagtha ar sceideal an Earraigh, de chuid Chlub Scannán Sailearna, de bharr go mbeidh roinnt oibre idir lámha ag Seanscoil Sailearna le linn na míosa seo chugainn. ‘Séard atá beartaithe ag an gClub anois ná go gcuirfear tús le séasúr gearr ar an Déardaoin 7 Márta, ina mbeidh ceithre scannán á léiriú. Siad na scannáin atá roghnaithe le taispeáint ná *Anatomy of a Fall; Past Lives; Fallen Leaves* agus *Our River...Our Sky*. Chomh maith leis an séasúr gearr scannán, tá sé i gceist go mbeidh camchuairt de scannáin ó Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath á léiriú thart ar an 24/25 Feabhra.






# IÓGA SA SPIDÉAL

Tá Ranganna Ióga agus Machnaimh, i nGaeilge agus i mBéarla, á reáchtáil ag Bairbre de Barra, i mBaile an tSagairt, sa Spidéal. I measc na ranganna, beidh Cleachtadh Suaimhneach do Dheireadh Lae: Ióga Yin, ar siúl ar an Máirt ó 8-9:15i.n. Chomh maith le sin, cuireann Bairbre ranganna agus ceardlanna aireachais ar fáil, chomh maith le cóitseáil comhtháite agus slánú reiki. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi na ranganna ar an suíomh idirlín www.gealan.ie, nó teagmháil a dhéanamh le Bairbre ag 083 3357097, nó ríomhphost a chur chuig info@gealan.ie.




# AN GARDA SÍOCHÁNA AG EARCÚ

Tá comórtas earcaíochta an Gharda Síochána ar oscailt faoi láthair agus glacfar le hiarratais go dtí an 8 Feabhra 2024. Tá sé mar aidhm ag an nGarda Síochána níos mó daoine le Gaeilge a mhealladh i dtreo na hearnála. Bunaíodh Sruth na Gaeilge i bpróiseas earcaíochta an Gharda Síochána d'iarrthóirí atá líofa sa Ghaeilge i 2013 leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a neartú. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine atá inniúil sa Ghaeilge agus a chomhlíonann na critéir incháilithe cuí. Is féidir iarratas a dhéanamh agus tuilleadh eolais a fháil ag www.Publicjobs.ie nó ag an gcód QR seo.